# Plean Scoile Staire

## Teideal:

Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta: Stair

## Réamhráiteas:

### (a) Conas a cuireadh an plean seo le cheile agus cé a bhí páirteach ann?

Déanfaidh curaclaim staire comhchothrom deimhin de go bhfaigheadh na páistí taithí ar raon leathan de thopaicí staire agus soláthraíonn sé an comhthéacs ina bhforbróidh siad scileanna agus coincheapa staire. Is iad foireann na scoile a leag amach an clár staire bunaithe ar Churaclam na Bunscoile.

### (b)Cén fáth go bhfuil gá leis an bplean seo?

Deimhneóidh pleanáil eifeachtach i gcomhair staire go mbeidh tuiscint leathan chothrom a fháil ar stair áitiúil, ar stair na hÉireann agus ar stair idirnáisiúnta trí staidéar a dhéanamh ar raon ciníocha, imeachtaí agus tréimhsí agus ag an am céanna chomh maith le scileanna imscrúdaithe staire a fhorbairt agus a chleachtadh chomh fada is a bhaineann le cróineolaíocht, cúis agus iarmhairt, athrú agus leanúnachas, úsáid fianaise, sintéisiú, cur in iúl, agus ionbhá.

## Fís agus Aidhmeanna

**(a) Fís- An plean i gcomhthéacs na scoile:**

Ba mhaith linn go mbeadh deis ag gach páiste a gcumas iomlán a shroichint. Tá muid meabhrach go gcuireann an churaclam OSIE leis an gcumas seo. Cuirfidh ar chumas an pháiste féachaint ag an todhcaí agus an t-am i láthair a thuiscint tríd an am atá thart a thaisceál agus go bhfuil an tuiscint ann go bhfuil an Stair riachtanach d’oideachas ghinearálta na bpáistí.

**Aidhmeanna**: Is iad aidhmeanna an churaclaim staire ná:

- suim san am atá thart agus fiosracht faoi a fhorbairt
- fios a bheith ag an bpáiste faoi shaol ban, fear agus páistí san am atá thart agus faoin gcaoi ar imir daoine agus imeachtaí tionchar ar a chéile
- tuiscint ar choincheapa an athraithe agus an leanúnachais a fhorbairt

- soláthar a dhéanamh do shealbhú na gcoincheap agus na scileanna a bhaineann le seicheamh, le ham agus le cróineolaíocht, de réir mar a oireann do staid fhorásach an pháiste
- cur ar chumas an pháiste teacht ar réimse fianaise stairiúla agus í a úsáid go córasach agus go criticiúil
- deiseanna a chur ar fáil don pháiste chun torthaí a c(h)uid fionnachtana sa stair maille lena léirmhíniú ar na torthaí sin a chur in iúl do dhaoine eile ar bhealaí éagsúla
- íogaireacht a chothú i leith thionchar an chaomhnaithe agus an athraithe sa timpeallacht áitiúil agus i dtimpeallachtaí níos leithne ná sin
- cabhrú leis an bpáiste tionchar an ama atá thart ar dhearcadh agus ar iompar daoine sa lá tá inniu ann a aithint agus a scrúdú
- toilteanas a chothú chomh fada is a bhaineann le dearcadh agus luachanna pearsanta a iniúchadh mar aon le hoscailteacht don fhéidearthacht go bhféadfadh duine a leagan amach féin a athrú
- an páiste a spreagadh lena aithint conas mar a d'fhéadfadh gníomhartha, imeachtaí agus ábhair an ama atá thart agus an lae inniu éirí tábhachtach ó thaobh na staire de
- cur ar chumas an pháiste léirthuiscint chothrom a fháil ar an oidhreacht chultúrtha agus staire a thagann ón gcomhthéacs áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

**Pleanáil Curaclaim:**

## 1. An Clár Staire: 1.1 Snáitheanna agus Snáithaonaid:

- Ranganna Naíonáin: Mé féin agus mo mhuintir- Scéalaíocht
- Ranganna 1 agus 2: Mise agus mo mhuintir- Scéalaíocht- Leanúnachas agus athrú le himeacht ama
- Ranganna 3 agus 4: Staidéir áitiúla- Scéalaíocht- Pobail agus sochaithe ársa- Saol, sochaí, obair agus cultúr san am a chuaigh thart
- Ranganna 5 agus 6: Staidéir áitiúla- Scéalaíocht- Pobail agus sochaithe ársa,- Tréimhsí athraithe agus comhlinte- Polaitíocht, coimhlint, agus an tsochaí- Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart- Leanúnachas agus athrú le himeacht ama.

## 1.2 Smaointe Leanaí

**An stair i gcuraclam páistelárnach**

Bíonn sé i gceist le hoideachas maith staire go mbeadh eolas faoin am atá thart á shealbhú ag páistí ach go mbeadh taithí áirithe á fáil acu chomh maith ar an gcaoi a dtéann staraithe i mbun a gcuid oibre. Féadfaidh páistí eolas agus coincheapa a shealbhú agus san am céanna scileanna tábhachtacha agus dearcadh atá ag teacht leis an leibhéal áirithe foráis atá bainte amach acu féin a fhorbairt. Ar an gcaoi sin, féadfaidh an stair sa bhunscoil cur, ar bhealach sainiúil tábhachtach, le forbairt chomhchuí an pháiste agus sin mar chuid d'oideachas atá fíorpháistelárnach.

## 1.3 Imscrúdaithe Praiticiúla

**Ag Obair mar Staraí:** Ag brath ar leibhéal an ranga, is féidir go gcuimseodh na scileanna seo:

- Am agus cróineolaíocht
- Athrú agus leanúnachas
- Cúis agus iarmhairt
- Fianaise a úsáid
- Sintéisiú agus cumarsáid
- Ionbhá

## 1.4 Bainistíocht an tSeomra Ranga:

- Cuidíonn eagrúchán maith leis an bainistíocht ranga agus bíonn sé seo mar bhuntaiste do fhorbairt an pháiste. Moltar na páistí a bheith chomh gníomhach is féidir agus gach páiste a bheith rannpháirteach sa rang tré cuspoirí ranga soléir a bheith leagtha amach ag an múinteoir róimh ré.

## 1.5 Príomh-Mhodheolaíochtaí/ Modh Oibre:

- Rang Iomlán: obair aonair & bheirte agus obair ghrúpa
- Módh na sraithe, an módh díreach,
- módh na lán fhreagartha gníomhaí,
- an módh clóslabhartha
- an módh clósamhairc
- Babhta tobsmaoibte a dhéanamh agus liostaí
- Comhrá Ranga ag na grúpaí éagsúla futhu: Ceisteanna agus freagraí
- Ag bailiú eolais/ tionscnamh
- Cuir i lathair: fíor ábhair staire
- Turais éagsúla: Caislean Aughnanure, Craggaunowen.
- Iniúchadh agus imscrúdú
- Tascanna agus trialacha

### 1.6: Nascadh agus Comhthathú:

**Stair agus OSIE:** Comhlánaítear forás fhoghlaim an pháiste sa tíreolaíocht agus san eolaíocht. Cuireann na trí cinn acu sin le hoideachas leathan an pháiste ó thaobh na sochaí agus an imshaoil de.

**Teanga agus An Stair:** Tagann forbairt ar chumas teanga agus is minic gur tríd an gcaint agus an scríobh a tharlaíonn an fhoghlaim is éifeachtaí. Is trí mheán teanga a thiocfaidh páistí ar chuid mhór den fhianaise faoin am atá thart; foinsí tábhachtacha iad cuntais bhéil agus scéalta ag gach leibhéal den churaclam staire beidh siad ag scrúdú réimse níos leithne agus níos leithne fós d'fhoinsí scríofa. Chomh maith leis sin, úsáidfidh páistí an teanga labhartha agus an teanga scríofa le cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochta daoine san am atá thart, le hiad a phlé agus le hiad a léirmhíniú. De réir mar a rachaidh siad i dtaithí ar fhianaise béil agus ar fhianaise scríofa a scrúdú go criticiúil tuisceanach tiocfaidh páistí ar thuiscint níos grinne ar mhiondifríochtaí teanga agus ar na bríonna éagsúla a ghabhann leo. Is ceart a mheabhrú i gcónaí gur cuid dhílis den phróiseas teagaisc agus foghlama í teanga.

## 1.7 Cothromaíocht idir Eolas agus Scíleanna

Baintear úsáid as raon modhanna agus as éagsúla sa chur chúige. Spreagfar clár eifeachtach páistí chun ceisteanna a chur, chun a gcuid idéanna a thástáil agus a phlé. Cuireann curaclam na staire go leor saoirse ar fáil do na scoileanna agus ba cheart leas a bhaint aisti sin chun an clár a chur in oiriúint do thosca na scoile agus do raon spéiseanna agus infheidhmeacht na ndaltaí. Cabhróidh an phleanáil leis na múinteoirí féachaint chuige go gcinntíonn an clár staire ag gach leibhéal.

## 2. Measúnú:

- Breathnóireacht an mhúinteora: mionsonraí faoi fhoghlaim an pháiste a thugann múinteoirí faoi deara de réir mar a iniúchtar agus mar a mhúintear topaicí staire
- Tascanna agus tástálacha a dhearann an múinteoir: an raon leathan gníomhaíochtaí a mbeidh na páistí ag glacadh páirte iontu sna ceachtanna staire
- Samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail: ina mbailítear samplaí d'obair na bpáistí sna tascanna thuas sa chaoi is gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn

## 3. Leanaí le Riachtanais Éagsúla:

## Comhionannas agus Rannpháirtíochta

Déanfaidh múinteoirí pleanáil ar ghníomhaíochtaí atá oiriúnacht do léibhéil chumais agus d’éispéiréis na bpáistí. Déanfar macnamamh ar: úsáid teaglama de theagasc ranga agus d’obair ghrúpa le sprioc ceapáirithe, pleanáil topaicí a chuireann deiseanna ar fail dá thuilleadh imscrúdaithe do na daltaí is cumasaí agus na daltaí is lú cumais, pleanáil aonad bunaithe ar comhthéacsanna coitianta an pháiste agus a gcuid idéanna agus léibhéil tuisceana a bheith mar tús phointe d’obair tionscadail, deiseanna a chur ar fáil chun idirghníomhú le páistí eile agus don obair i gcomhbhuíon leo, cead a thabhairt do dhaltaí a bheith ag obair le hábhair choincréiteacha, moladh do thuismitheoirí obair a dhéanamh i dteannta le páistí tréitheacha agus ar pháistí ar lú a gcumas, úsáid a bhaint as imscrúdaithe mar bhonn don obair phraiticiúil. Is de réir an eolais agus na tuisceana atá bainte amach acu a thugann páistí faoi thascanna ceannoscailte a réiteach. Tugann imscrúdaithe deiseanna do pháistí a réitigh féin ar fhadhbanna a leanúint go ceann scribe.

## 4.Pleanáil Eagraíochta

**Clár Ama**

Seo an méid ama a thugtar d'ábhair O.S.I.E gach seachtain:

Ranganna Naíonáin: 2 uair 15 nóiméad

Meán Ranganna agus Ard Ranganna: 3 uair a chloig

## 5. Acmhainní agus Treallamh

- Timpeall an Domhain: Leabhar an Mhúinteora agus Leabhar Oibre.
- Físeáin
- Pictiúirí
- Clárbán agus idirlíon
- Fíor-ábhair staire
- Cruinneoga, learscáileanna, atlais agus mapaí

### 6. Pleanáil agus Tuairisciú Múinteoir Aonair

Déanfar pleanáil agus rognófar aonaid oibre don stair, ag déanamh deimhin go ngeobhaidh na páistí cleachtadh ar chlár leathan comhchothrom. Tabharfaidh an múinteoir na factóirí seo a leannas san aireamh nuair atá siad ag pleanáil aonad oibre don stair: eispéireas foghlama, clár staire na scoile, cur chuige, modhanna oibre agus modhanna muinte, acmhainní agus tacaíocht atá ar fail don mhúinteoir.

## 7. Forbairt Foirne

Tá sé riachtanach go mbeidh cumarsáid maith idir foireann na scoile. Cuirfidh an caidreamh a dhéanfaidh an múinteoir leis an múinteoir a bhí i mbun an ranga roimhe/roimpi féin agus breathnú ar thaifid an ranga faisnéis úsáideach ar fail dó/di nuair a bheidh clár nua á dhreachtadh agus scéimeanna oibre á phleanáil amach aige/aici.

## 8. Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Nascadh leis an bPobal

**Rannphairtíocht Tuismitheoirí:**

Is léir go dtiocfaidh den bhéim a leagtar sa churaclam ar iniúchadh na timpeallachta gur iomaí sin bealach ar féidir le teaghlaigh na bpáistí cabhrú chun an clár a shaibhriú agus chun tacú leis. Is féidir le tuismitheoirí agus le muintir na háite cabhrú le gníomhaíochtaí staire trína gcuid eolais agus inniúlachta a roinnt-cuireadh a thabhairt do aoí chainteoirí trí lámh cúnta a thabhairt agus cuairteanna á eagrú chun ionaid spéise agus tuismitheoirí a bheith ag obair lena gcuid páistí ar thascanna scoile staire.

- **Critéir Rathúlachta**

Tá ullmhuchán na múinteoirí riachtanach chun an plean seo a chur i bhfeidhm. Tá sé tabhachtach na módhanna atá luaite a bheith á leanúint agus athbhreithniú a dhéanamh ar seo go rialta.

- **Cur i bhFeidhm: Meán Fomhair 2013**

### Rólanna agus Freagracht

Tá sé an-tabhachtach do fhorbairt an pháiste go bhfuil an churaclam a chur i bhfeidhm i ngach rang. Tá an freagracht seo ar fhoireann na scoile ar fad agus gach múinteoir freagrach as a rang féin. Beidh an plean seo le cur i bhfeidhm Meán Fomhair 2013.

- **Athbhreithniú: Meitheamh 2015**

### (a) Rólanna agus Freagracht

Tá an freagracht seo ar fhoireann na scoile nuair atá data den athbhreithniú thuas. Meitheamh 2015

### (b) Spriocdháta don athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar seo sa bhlian 2015

- **Daingniú agus Cumarsáid**

**Siniú __________________________________ Dáta: __________________**

**Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta**